Cuntas Leithreasa 2022

# Vóta 13

# Oifig na nOibreacha Poiblí

# Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 13, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 i gcomhair thuarastail agus speansais Oifig na nOibreacha Poiblí, i gcomhair seirbhísí arna riar ag an Oifig sin, chun deontais áirithe a íoc agus chun caiteachas áirithe a fhorchúiteamh.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna

- arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2022, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain, agus
- arna soláthar ar mhaithe le seirbhísí soláthair chaipitiúil sa bhliain 2022, as leithreasaí neamhchaite a bhain leis an mbliain 2021, faoi na socruithe a bunaíodh le halt 91 den Acht Airgeadais, 2004, maidir le géilleadh iarchurtha.

Dlitear barrachas €66.884 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Tabhaíonn Oifig na nOibreacha Poiblí caiteachas thar ceann ranna agus gníomhaireachtaí eile Rialtais. Tá an caiteachas a tabhaíodh thar a gceann leagtha amach i nóta 2.13. Soláthraíonn an Oifig cliantseirbhísí thar ceann an Stáit freisin. Tá an caiteachas sin leagtha amach i nóta 1.

Is cuid den chuntas iad an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6.

# Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe i gciorclán 22 de 2022, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú, ach amháin sna cásanna seo a leanas.

***Luacháil ar shócmhainní caipitil***

Is mar a leanas a aithníonn an Oifig an luach atá ar thalamh agus foirgnimh.

- Cuireadh measúnuithe ar mhargadhluach i bhfeidhm i leith réadmhaoine dá bhfuil comparáidí margaidh ar fáil.
- Rinneadh luacháil aonair ar réadmhaoine ardghradaim, agus modh an chostais athsholáthair á úsáid mar mhodh luachála. Tá an costas atógála sin bunaithe ar chur i bhfeidhm rátaí margaidh.
- I gcás nach bhfuil comparáidí margaidh ar fáil, déantar réadmhaoine a fuarthas nó a ceannaíodh roimh an 1 Eanáir 1995 nó a tógadh roimh an 1 Eanáir 1997 a luacháil bunaithe ar ghnásanna costais tógála agus ar luachanna barúlacha láithreáin. Déantar réadmhaoine a ceannaíodh ón 1 Eanáir 1995 i leith nó a tógadh ón 1 Eanáir 1997 i leith a luacháil ar a gcostas.

Tá na luachálacha faoi réir roinnt coinníollacha suntasacha agus níor cheart a mheas gur meastachán reatha ar luach inréadaithe iad. Ar dhiúscairt talún agus foirgneamh, athluacháiltear na sócmhainní de réir shuim na bhfáltas díolacháin agus léirítear an gnóthachan nó an caillteanas mar athluacháil ar dhiúscairt i nóta 2.1.

Ní aithnítear caiteachas caipitil i roinnt réimsí i nóta 2.1 (sócmhainní caipitil) mar a leanas.

- Ní chuirtear caiteachas ar fheabhsuithe ar fhoirgnimh ar áireamh. Léireofar an t-athrú ar luach ag an gcéad dáta luachála eile.
- Ní chaipitlítear caiteachas ar fheabhsuithe ar fhoirgnimh ar léas.
- Ní luacháiltear séadchomharthaí náisiúnta ná réadmhaoine stairiúla náisiúnta áirithe.
- Féachtar ar oibreacha faoisimh tuile mar shócmhainní bonneagair agus ní chaipitlítear iad.
- Cuirtear saothair ealaíne a fuarthas tar éis an 1 Eanáir 2008 ar áireamh sa ráiteas faoi shócmhainní caipitil faoin gceannteideal 'daingneáin agus feistis' ar a gcostas stairiúil agus ní athluacháiltear iad. Níor caipitlíodh aon saothair ealaíne a fuarthas roimh an 1 Eanáir 2008.

***Dímheas***

Ríomhtar dímheas ar bhonn bliantúil. Is é an beartas dímheasa go ngearrtar dímheas bliana iomláine i mbliain na fála/an choimisiúnaithe agus nach ngearrtar aon dímheas i mbliain na diúscartha.

Déantar sócmhainní gléasra agus innealra a dhímheas de réir méid cothrom thar a saolré úsáideach mheasta idir cúig bliana agus 20 bliain, chun teacht ar luach iarmharach réamh-mheasta.

Ní dhéantar saothair ealaíne ná sócmhainní oidhreachta a dhímheas.

Ní dhéantar foirgnimh a dhímheas ar an mbonn gur leor caiteachas cothabhála leanúnach bliantúil chun bail mhaith a choinneáil orthu.

***Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt***

Ní chuirtear caiteachas ar oibreacha a dhéantar faoi fho-mhírcheann B.6 (oibreacha nua, athruithe agus breiseanna) ar réadmhaoine atá faoi úinéireacht na hOifige cheana ar áireamh i sócmhainní caipitil atá á bhforbairt, ach léireofar aon athrú ag an gcéad dáta luachála eile. Cuirtear caiteachas caipitil ar fhorbairtí nua a chuimsíonn tréimhsí cuntasaíochta éagsúla i gcuntas mar shócmhainn chaipitil atá á forbairt agus aistrítear é chuig an gcatagóir sócmhainní ábhartha tráth chríochnú na forbartha.

***Íocaíochtaí léasa réadmhaoine***

I bhformhór na gcásanna, aithnítear íocaíocht as earraí agus seirbhísí tar éis na hearraí nó na seirbhísí a sholáthar go sásúil, tar éis don soláthraí a chuntas a chur isteach agus tar éis an t-ordú íocaíochta a dhéanamh. I gcás comhaontuithe léasa réadmhaoine, is deimhin leis an Oifig go dtagann an dliteanas in aibíocht a luaithe a thosaíonn an léas agus a thagann an cíos chun bheith dlite agus iníoctha. Más rud é go raibh aon deacrachtaí dlí nó comhlíonta ann i ndáil le híocaíochtaí den sórt sin a dhéanamh ag deireadh na bliana ach go ndearnadh na híocaíochtaí tamaillín tar éis dheireadh na bliana, gearrann an Oifig an íocaíocht ar an Vóta agus aistríonn sí na cistí chuig an gcuntas fionraí.

## Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm a chinntiú go mbíonn córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais á chothabháil agus á fheidhmiú ag an Oifig.

Comhlíontar an fhreagracht sin i gcomhthéacs na n-acmhainní a bhíonn ar fáil dom agus i gcomhthéacs mo chuid oibleagáidí eile mar Chathaoirleach. Ina theannta sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnach seachas dearbhú iomlán a thabhairt go gcumhdaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta agus go dtaifeadtar iad go cuí, agus go ndéantar earráidí nó mírialtachtaí ábhartha a chosc nó go mbraithfí in am trátha iad. Is próiseas leanúnach é an córas rialuithe inmheánacha airgeadais a chothabháil agus coinnítear an córas agus a éifeachtacht faoi athbhreithniú leanúnach.

***Seirbhísí comhroinnte***

Chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí i ndáil le ceanglais an chomhaontaithe bainistíochta seirbhísí idir an Oifig seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte maidir le seirbhísí comhroinnte acmhainní daonna, párolla agus taistil a sholáthar do ghráid státseirbhíse.

Bím ag brath ar litir dearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte á rá go bhfeidhmítear na rialuithe cuí agus seirbhísí comhroinnte á soláthar don Oifig seo.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na gnéithe seo a leanas mar chuid di.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal ar ar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun gníomhaíocht cheartaitheach chuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a chur orm maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí i ndáil leis an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.
- Taifeadadh nósanna imeachta le haghaidh gach príomhphróisis gnó.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta***

Deimhním go bhfuil creat um nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú tráthrialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe,

- go bhfuil córas buiséadaithe cuí ann lena ngabhann buiséad bliantúil a bhíonn faoi athbhreithniú ag an lucht ardbhainistíochta
- go ndéanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe tráthrialta ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla ina léirítear feidhmíocht airgeadais in aghaidh réamh-mheastachán
- go bhfeidhmíonn córas bainistíochta riosca laistigh den Oifig

- go bhfuil córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- go bhfuil treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil chomh maith le disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadail ann
- go bhfuil creat rialachais chorparáidigh i bhfeidhm don Oifig.

***Iniúchóireacht inmheánach agus Coiste Iniúchóireachta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an Oifig, ar feidhm í ag a bhfuil pearsanra atá oilte go cuí agus a oibríonn de réir cairt scríofa atá ceadaithe agam. Treoraíonn anailís ar na rioscaí airgeadais a bhfuil an Oifig neamhchosanta orthu a cuid oibre agus bíonn a pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí, a bhíonn á gceadú agamsa, bunaithe ar an anailís sin. Tá sé mar aidhm leis na pleananna sin na príomhrialuithe a chumhdach ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnach. I gcomhar leis an gCoiste Iniúchóireachta, déanaim athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go gcuirtear chun feidhme na moltaí a eascraíonn as tuarascálacha na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

***Soláthar***

Deimhním go gcinntíonn an Oifig go bhfuil béim chuí ann ar an dea-chleachtas sa cheannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíonfar na treoirlínte ábhartha uile.

Thug an Oifig mionsonraí faoi 56 chonradh neamhiomaíocha dar luach iomlán €6,346,492 sa tuairisceán bliantúil i dtaca le Ciorclán 40/2002 chuig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe.

*Neamhchomhlíonadh rialacha soláthair*

Chomhlíon an Oifig na treoirlínte cé is moite de 122 chás dar luach iomlán €12,930,645 (gan CBL a áireamh) sa bhliain 2022, mar atá leagtha amach thíos.

- Íocadh €10,342,323 le sé sholáthraí is nócha i gcás gur mhó luach an chonartha ná an tairseach ábhartha a fógraíodh. Ba trí iarrataí iomaíocha ar thairiscintí a dámhadh na conarthaí sin. Ní féidir na conarthaí neamhchomhlíontacha sin a réiteach go cúlghabhálach toisc go bhfuil ceangaltas dlíthiúil ar an Oifig ina leith. Mar sin, ní mór leanúint le híocaíochtaí a dhéanamh go dtí go dtiocfaidh na conarthaí lena mbaineann chun deiridh.
- Íocadh €1,134,565 le ceithre sholáthraí dhéag i gcás gur fadaíodh an conradh thar an dáta conartha bunaidh.
- Íocadh €1,453,757 le dhá sholáthraí dhéag i gcás gur dámhadh an conradh go díreach gan aon phróiseas iomaíoch.

Maidir leis na cásanna dar luach iomlán €2.59 milliún a bhaineann leis na 26 sholáthraí eile, tá próisis chomhlíontacha soláthair ar bun do chuid mhór díobh. Tá an Oifig ag obair i dtreo comhlíonadh a bhaint amach agus gach conradh amach anseo á soláthar. Cuireadh 26 cinn de na conarthaí thuas ar áireamh i dtuairisceán bliantúil 40/2002 dá dtagraítear faoin gceannteideal ‘Soláthar’ thuas.

***Creat riosca agus rialaithe***

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Oifig lena ndéantar sainaithint agus tuairisciú ar phríomhrioscaí agus ar na gníomhartha bainistíochta a dhéantar chun aghaidh a thabhairt orthu agus, a oiread agus is féidir, na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm lena sainaithnítear na príomhrioscaí a bhíonn roimh an Oifig agus rinneadh iad sin a shainaithint, a mheas agus a ghrádú de réir a shuntasaí atá siad. Déanann an Bord Bainistíochta an clár a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn bliantúil. Úsáidtear an toradh ar an obair sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh agus chun a chinntiú go gcoinnítear rioscaí ar leibhéal inghlactha.

Mionsonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhartha a theastaíonn chun maolú a dhéanamh ar rioscaí agus sanntar ann freagracht as rialuithe a oibriú do bhaill foirne shonracha.

***Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach***

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl go tráthúil dóibh siúd atá freagrach as gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh, don lucht bainistíochta agus don Bhord Bainistíochta, nuair is iomchuí. Deimhním gur sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh a shainaithnítear a thuairisciú.

***Athbhreithniú ar éifeachtacht***

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ag an Oifig chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta um bainistíocht riosca agus rialú. Bíonn monatóireacht agus athbhreithniú na hOifige ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais á dtreorú ag obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus an lucht ardbhainistíochta laistigh den Oifig atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil.

***Saincheisteanna maidir le rialú inmheánach airgeadais***

Sainaithníodh na saincheisteanna seo a leanas maidir le rialú inmheánach airgeadais sa bhliain 2022.

*Caiteachas ar chonradh cothabhála téarma thomhaiste*

Maidir le conradh cothabhála téarma thomhaiste a rinneadh i mí Dheireadh Fómhair 2018, measadh go mbeadh luach €15 mhilliún air thar thréimhse trí bliana. Bhí rogha ann an conradh a fhadú go ceann aon bhliain eile, rud a d’fhágfadh go mbeadh luach iomlán €20 milliún air. Thabhaigh OOP caiteachas €19.2 milliún faoin gconradh sin sa bhliain 2022. D’fhág sé sin gur caitheadh €122.5 milliún faoin gconradh.

Sa bhliain 2021, ba mar chreat a cuireadh an conradh cothabhála téarma thomhaiste amach ar thairiscintí an athuair. Bhí dhá chonradh ar leith i gceist leis an gcreat chun an bonn soláthraithe a leathnú do sheirbhísí cothabhála agus mionoibreacha a sholáthraítear do OOP. Cuireadh tús leis an gcreat conartha cothabhála téarma thomhaiste an 3 Bealtaine 2022. Is é €10 milliún in aghaidh na bliana an luach measta atá ar an gcreat sin, agus luach carnach measta €40 milliún air thar thréimhse ceithre bliana. Thabhaigh OOP caiteachas €5.43 milliún faoin gcreat sin sa bhliain 2022.

*Taisteal agus cothú*

Rinne an fheidhm Iniúchóireachta Inmheánaí athbhreithniú ar speansais taistil agus chothaithe agus shainaithin sí go bhféadfadh fadhb a bheith ann maidir le cánacha párolla. Rinne OOP nochtadh deonach neamhspreagtha leis na Coimisinéirí Ioncaim maidir le gearríocaíocht €550,110 a bhain le héilimh ar speansais a cuireadh isteach ar feadh tréimhse ceithre bliana. Íocadh ús €110,559 agus pionós €16,503 leis na Coimisinéirí Ioncaim sa bhliain 2022. Rinneadh athbhreithniú iomlán ar an ní agus cuireadh bearta ceartaitheacha i bhfeidhm chun a chinntiú go gcomhlíonfadh OOP na ceanglais chánach atá air as seo amach.

*Réamhíocaíocht le fochonraitheoir*

Sa bhliain 2020, rinne OOP réamhíocaíocht €299,559 le soláthraí lasmuigh d'oibleagáidí conarthacha i leith oibreacha a cuireadh i gcrích thar ceann OOP. Rinneadh amhlaidh chun laghdú a dhéanamh ar an riosca leachtachta a bheadh ann d'fhochonraitheoir mar gheall ar mhoill ar íocaíocht a fháil ón bpríomhchonraitheoir. Aisíocadh an íocaíocht sin ina hiomláine le OOP sa bhliain 2022. Níor taifeadadh an t-idirbheart sin mar fhéichiúnaí i gcuntais leithreasa OOP don bhliain 2020 ná don bhliain 2021. Tá ceadú na comhshocraíochta sin, agus na doiciméid a bhaineann léi, á scrúdú go hiomlán faoi láthair, agus déanfar aon ghníomhartha riachtanacha ina dhiaidh sin.

*Aisíocaíocht i leith trealamh TFC a chothabháil*

Tar éis do OOP athbhreithniú inmheánach a dhéanamh, tháinig sé chun solais gur íocadh €156,713 le soláthraí as trealamh TFC a chothabháil, cé nár cuireadh an obair sin i gcrích. D'iarr OOP aisíocaíocht iomlán, agus fuair sé í, sa bhliain 2022. Is faoi chonradh aonair a phléitear go lárnach le conarthaí cothabhála den chineál sin anois, rud a íoslaghdaíonn an baol go dtiocfaidh saincheist den chineál céanna chun cinn sa todhchaí.

***Saincheisteanna rialaithe Covid-19***

Deimhním gurb éifeachtach go fóill atá na rialuithe a bhí ann cheana agus na rialuithe a tugadh isteach mar thoradh ar Covid-19 araon. Bhí an timpeallacht rialaithe gan athrú, den chuid is mó, sa bhliain 2022.

Tabhaíodh costais bhreise €958,000 sa bhliain 2022 mar gheall go díreach ar fhreagairt na hOifige d'oibriú i dtimpeallacht Covid-19. Tríd is tríd, baineann na costais sin le costais tógála, le trealamh sláinte agus sábháilteachta agus le riachtanais TFC.

**Maurice Buckley**
Oifigeach Cuntasaíochta
Oifig na nOibreacha Poiblí

20 Meán Fómhair 2023

# An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí

### Tuairim faoin gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2022 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2022, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe.

***Bonn faoin tuairim***

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san aguisín leis an tuarascáil seo  Níl baint ná páirt agam le hOifig na nOibreacha Poiblí agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

### Tuarascáil ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta san aguisín leis an tuarascáil seo.

***Neamhchomhlíonadh le rialacha soláthair***

Tá sé nochta ag an Oifigeach Cuntasaíochta sa ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais gur tharla cásanna ábhartha neamhchomhlíonta le rialacha soláthair náisiúnta maidir le conarthaí a bhí ag feidhmiú i 2022.

***Socrú cánach***

Nocht an tOifigeach Cuntasaíochta sa ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais go raibh íocaíocht de €550,110 leis na Coimisinéirí Ioncaim i ndáil le tearcíocaíocht cánach ar éilimh speansas thar thréimhse ceithre bliana. Ina theannta sin, íocadh ús de €110,559 agus pionóis de €16,503, rud a thug an tsuim iomlán go dtí €677,172.

**Réamhíocaíocht le fochonraitheoir**

Nocht an tOifigeach Cuntasaíochta sa ráiteas um rialú inmheánach go ndearnadh réamhíocaíocht de €299,559, lasmuigh d'oibleagáidí conarthacha, le fochonraitheoir in 2020. Níor taifeadadh an t-idirbheart mar fhéichiúnaí i gcuntas leithreasa OOP. Aisíocadh an méid sin in 2022.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

21 Meán Fómhair 2023

## Aguisín leis an tuarascáil

### Freagrachtaí an Oifigigh Cuntasaíochta

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as na nithe seo a leanas:

- an cuntas leithreasa a ullmhú de réir alt 22 den Exchequer and Audit Departments Act 1866
- a chinntiú go gcomhlíonann an cuntas leithreasa ceanglais na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe agus ordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú, agus
- cur chun feidhme a dhéanamh ar cibé rialú inmheánach a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun cuntas leithreasa a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, an cuntas leithreasa a iniúchadh agus tuairisciú air do Thithe an Oireachtais, á lua cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh, i mo thuairimse, a chuirtear na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair go cuí sa chuntas.

Tá sé mar chuspóir agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam dearbhú réasúnach a fháil ar cé acu atá nó nach tá an cuntas leithreasa saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis. Is ionann dearbhú réasúnach agus leibhéal ard dearbhaithe. Mar sin féin, ní deimhniú é gur i ngach cás ina bhfuil sé ann a aimseofar míráiteas ábhartha le linn iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht. Is féidir le míráitis teacht as calaois nó earráid agus meastar iad a bheith ábhartha más amhlaidh ina n-aonar nó mar chomhiomlán a d'fhéadfaí a bheith ag súil leis le réasún go rachadh siad i bhfeidhm ar chinntí eacnamaíocha a dhéanann úsáideoirí ar bhonn an chuntais leithreasa.

Mar chuid d'iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht, úsáidim breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil ar bun ar fud an iniúchta. Le linn déanamh amhlaidh,

- Déanaim sainaithint agus measúnú ar na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha sna cuntas leithreasa, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis; ceapaim nósanna imeachta iniúchóireachta atá freagrúil do na rioscaí sin agus cuirim i bhfeidhm iad; agus faighim fianaise iniúchta is leor agus is cuí chun bunús a thabhairt do mo thuairim. Is airde an baol nach mbraithfí míráiteas ábhartha de bharr calaoise ná de bharr earráide, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnamh d'aon ghnó, mífhaisnéis nó sárú ar an rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- Gnóthaím tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a cheapadh atá oiriúnach do na cúinsí. Ní dhéanaim amhlaidh, áfach, chun tuairim a thabhairt ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe.

Déanaim cumarsáid leis an Oifigeach Cuntasaíochta maidir le raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus le fionnachtana suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha i rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta, i measc ábhair eile.

Tuairiscím trí eisceacht i gcás gurb amhlaidh, i mo thuairimse,

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim do m'iniúchadh, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun mé a chumasú iniúchadh réidh cuí a dhéanamh ar an gcuntas leithreasa, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

### Tuairisciú ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais

Ní chumhdaíonn mo thuairim ar an gcuntas leithreasa an ráiteas ón Oifigeach Cuntasaíochta faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ní chuirim aon chinneadh dearbhaithe in iúl ina leith.

I dtaca leis an iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, le linn déanamh amhlaidh, a bhreithniú cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh atá an fhaisnéis atá tugtha laistigh de neamh-chomhsheasmhach go hábhartha leis an gcuntas leithreasa nó le heolas a gnóthaíodh le linn an iniúchta nó atá an chuma uirthi ar shlí eile go ndearnadh míráiteas ábhartha ina leith. Más amhlaidh, bunaithe ar an obair a rinne mé, go gcinnim go ndearnadh míráiteas ábhartha, ceanglaítear orm an fíoras sin a thuairisciú.

### Tuairisciú ar ábhair eile

Féachaim le linn an iniúchta le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, tuairisciú i gcás go sainaithním aon chás ábhartha nár caitheadh airgead poiblí do na críocha a bhí beartaithe ann nó nach ndearnadh na hidirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú ann.

Ceanglaítear orm freisin faoi Acht 1993 tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as m'iniúchtaí ar na cuntais leithreasa is cuí liom. I gcásanna den sórt sin, tagraítear sna tuarascálacha iniúchóireachta ar na cuntais leithreasa lena mbaineann don chaibidil ábhartha/do na caibidlí ábhartha sa *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí* uaim, ar tuarascáil bhliantúil í.

## Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí

## Cuntas Leithreasa 2022

| | | | 2022 | | 2021 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | Soláthar meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Caiteachas an chláir** | | | | | |
| A | Bainistíocht riosca tuile | | | | |
| | *Bunaidh* | 142,583 | | | |
| | *Forlíontach* | (7,904) | | | |
| | | | 134,679 | 102,892 | 99,591 |
| B | Bainistíocht eastát | | | | |
| | *Bunaidh* | 454,341 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 20,700 | | | |
| | *Forlíontach* | 7,905 | | | |
| | | | 482,946 | 438,956 | 392,939 |
| **Ollchaiteachas** | | | | | |
| | *Bunaidh* | 596,924 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 20,700 | | | |
| | *Forlíontach* | 1 | | | |
| | | | **617,625** | **541,848** | **492,530** |
| | *Lúide* | | | | |
| C | **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **15,444** | **33,551** | **11,113** |
| **Glanchaiteachas** | | | | | |
| | *Bunaidh* | 581,480 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 20,700 | | | |
| | *Forlíontach* | 1 | | | |
| | | | **602,181** | **508,297** | **481,417** |

**Barrachas**

Dlitear barrachas na suime a soláthraíodh, os cionn na glansuime a feidhmíodh, a ghéilleadh don Státchiste. Faoi alt 91 den Acht Airgeadais 2004, féadfar gach cuid nó aon chuid d'aon leithreasaí neamhchaite le haghaidh seirbhísí soláthair caipitil a thabhairt anonn lena caitheamh sa bhliain dár gcionn. Tugadh €27 milliún de leithdháiltí neamhchaite i leith na ngnéithe caipitil d'fho-mhírcheann A.5 anonn chuig an mbliain 2023.

| | **2022** | **2021** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Barrachas | 93,883,786 | 40,357,662 |
| Géilleadh iarchurtha | (27,000,000) | (20,700,000) |
| **Barrachas le géilleadh** | **66,883,786** | **19,657,662** |

**Maurice Buckley**
Oifigeach Cuntasaíochta
Oifig na nOibreacha Poiblí

20 Meán Fómhair 2023

## Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

### Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2022

| | | 2022 | 2021 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Costas an chláir | | 476,503 | 430,610 |
| Riarachán - pá | | 51,878 | 49,750 |
| Riarachán - neamhphá | | 13,467 | 12,170 |
| **Ollchaiteachas** | | **541,848** | **492,530** |
| *Lúide* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **33,551** | **11,113** |
| **Glanchaiteachas** | | **508,297** | **481,417** |
| | | | |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin - airgead tirim | (10,727) | | |
| Dímheas | 6,119 | | |
| Diúscairtí - airgead tirim | 8,776 | | |
| Gnóthachan ar dhiúscairt | (258) | 3,910 | (1,866) |
| | | | |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Méadú ar fhabhruithe deiridh | 1,792 | | |
| Méadú ar fhardail | (117) | 1,675 | 7,184 |
| | | | |
| **Caiteachas díreach** | | **513,882** | **486,735** |
| | | | |
| Caiteachas ar sheirbhísí ar ina leith a ghníomhaíonn OOP mar chliant | | (200,251) | (170,351) |
| **Caiteachas díreach (gan seirbhísí ar ina leith a ghníomhaíonn OOP mar chliant a áireamh)** | | **313,631** | **316,384** |
| | | | |
| **Caiteachas a iompraíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | (117,124) | (114,500) |
| **Glanchostas an chláir** [a] | | **196,507** | **201,884** |

Nóta [a] Ní áirítear na nithe seo a leanas le glanchostas an chláir.

- Meastar gurb ionann agus €90.085 milliún na measchíosanna is infhaighte ag OOP ar réadmhaoine atá faoi úinéireacht an Stáit. Meastar gurb ionann agus €2.2 milliún na measchíosanna is iníoctha ag OOP.
- Níor cuireadh ar áireamh sa ráiteas suimeanna i leith ioncam barúlach ó chliantranna i leith seirbhísí a sholáthraíonn OOP saor in aisce faoi láthair.

## 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá an glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na suimeanna measta seo a leanas i ndáil le Vóta 13 a iompraíodh in áit eile agus de chostais ar iompraíodh le Vóta 13 iad i ndáil le Vótaí eile.

| | | 2022 | 2021 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| Vóta 9 | Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 72 | 53 |
| Vóta 12 | Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | 24,928 | 23,918 |
| Vóta 18 | An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 83 | 78 |
| Vóta 43 | Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais | 45 | 48 |
| Costas cionroinnte na seirbhísí comhroinnte a soláthraíodh do Vótaí eile | | (142,252) | (138,597) |
| | | **(117,124)** | **(114,500)** |

## Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2022

| | Nóta | 2022 €000 | 2021 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní caipitil** | 2.1 | 3,620,866 | 3,454,327 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.2 | 106,177 | 68,957 |
| Fardail | 2.3 | 2,101 | 1,984 |
| Réamhíocaíochtaí | 2.4 | 25,725 | 23,700 |
| Ioncam fabhraithe | 2.5 | 3,641 | 3,431 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.6 | 17,755 | 12,814 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **155,399** | **110,886** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Speansais fhabhraithe | 2.7 | 14,282 | 10,475 |
| Ioncam iarchurtha | 2.8 | 338 | 118 |
| Iarmhéideanna sochair eile | 2.9 | 63,804 | 56,613 |
| Glanmhaoiniú ón Státchiste | 2.10 | 60,128 | 25,158 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **138,552** | **92,364** |
| **Glansócmhainní reatha** | | 16,847 | 18,522 |
| **Glansócmhainní** | | **3,637,713** | **3,472,849** |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| **Cuntas maoinithe Stáit** | 2.11 | **3,637,713** | **3,472,849** |

## 2.1 Sócmhainní caipitil

| | Talamh agus foirgnimh [a] | Gléasra agus innealra | Trealamh oifige | Troscán agus feistis | Sócmhainní atá á bhforbairt [b] | Iomlán [c] |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | | | | |
| Costas nó luacháil ag an 1 Eanáir 2022 | 3,412,418 | 58,779 | 25,369 | 23,146 | 9,992 | 3,529,704 |
| Breiseanna [d] | 610 | 7,518 | 1,895 | 481 | 109 | 10,613 |
| Diúscairtí | (8,158) | (433) | — | — | — | (8,591) |
| Athluacháil ar dhiúscairt | 3,107 | — | — | — | — | 3,107 |
| Athluachálacha [e] | (628) | — | — | — | — | (628) |
| Aistriú ó Ranna eile [f] | 174,165 | — | — | — | (6,008) | 168,157 |
| Costas nó luacháil ag an 31 Nollaig 2022 | 3,581,514 | 65,864 | 27,264 | 23,627 | 4,093 | 3,702,362 |
| **Dímheas carntha** | | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir 2022 | — | 36,321 | 23,441 | 15,615 | — | 75,377 |
| Dímheas don bhliain | — | 4,648 | 1,234 | 237 | — | 6,119 |
| Dímheas carnach ag an 31 Nollaig 2022 | — | 40,969 | 24,675 | 15,852 | — | 81,496 |
| **Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2022** | **3,581,514** | **24,895** | **2,589** | **7,775** | **4,093** | **3,620,866** |
| Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2021 | 3,412,418 | 22,458 | 1,928 | 7,531 | 9,992 | 3,454,327 |

Nótaí

[a] Tá anailís ar na luachálacha ar thalamh agus foirgnimh tugtha thíos.

[b] Ní áirítear le sócmhainní caipitil atá á bhforbairt tionscadail tógála a sheoltar faoi fho-mhírcheann B.6 Oibreacha nua, athruithe agus breiseanna.

[c] Ní chaipitlítear caiteachas ar fhoirgnimh ar léas.

[d] Cheannaigh OOP foirgneamh amháin i mí an Mhárta 2022 ar chostas €610,000.

[e] Tá an figiúr athluachála scoilte idir athluachálacha ar dhiúscairtí agus ar shócmhainní, faoi réir athluacháil ag OOP sa bhliain 2022.

[f] Baineann na sócmhainní a aistríodh le tionscadail tógála ar mhaoinigh an Garda Síochána iad agus a aistríodh chuig clár sócmhainní OOP tar éis na tionscadail a chríochnú go substaintiúil.

**Luacháil ar thalamh agus foirgnimh**

Mar atá leagtha amach sa ráiteas faoi pholasaithe agus faoi phrionsabail chuntasaíochta, luacháiltear sócmhainní trí roinnt bonn luachála a úsáid. Tá líon na bhfoirgneamh agus an luach gaolmhar faoi gach bonn luachála a úsáideadh leagtha amach thíos.

| Boinn luachála | 2022 | | 2021 | |
|---|---|---|---|---|
| | Líon na bhfoirgneamh | €000 | Líon na bhfoirgneamh | €000 |
| Margadhluach | 295 | 903,996 | 304 | 908,129 |
| Gnásanna costais tógála | 515 | 709,374 | 519 | 710,920 |
| Costas | 154 | 1,040,238 | 149 | 865,463 |
| Réadmhaoine ardghradaim (costas athsholáthair) | 11 | 927,906 | 11 | 927,906 |
| Réadmhaoine oidhreachta (luach nialasach) | 727 | — | 727 | — |
| Réadmhaoine ilghnéitheacha [a] | 225 | — | 225 | — |
| | **1,927** | **3,581,514** | **1,935** | **3,412,418** |

Nóta [a] Is catagóirí éagsúla talún agus foirgneamh iad réadmhaoine ilghnéitheacha. Áirítear leo réadmhaoine tánaisteacha agus talamh tánaisteach ar ina leith a chuirtear an luacháil fhoriomlán don láithreán ar fad ar áireamh mar phríomhshócmhainn sa tábla thuas.

## 2.2 Banc agus airgead tirim

| ag an 31 Nollaig | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéideanna ag an bPámháistir Ginearálta [a] | 106,175 | 68,953 |
| Mionairgead | 2 | 4 |
| | **106,177** | **68,957** |

Nóta [a] Leasaíodh an figiúr comparáideach maidir le hiarmhéideanna ag an bPámháistir Ginearálta don bhliain 2021 chun aird a thabhairt ar athaicmiú na n-orduithe atá amuigh.

## 2.3 Fardail

| ag an 31 Nollaig | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Stoic innealtóireachta | 899 | 930 |
| Stoic iosta oidhreachta | 1,087 | 928 |
| Ábhair thógála | 65 | 71 |
| Páipéarachas | 40 | 35 |
| Stoic ilghnéitheacha | 10 | 20 |
| | **2,101** | **1,984** |

## 2.4 Réamhíocaíochtaí

| ag an 31 Nollaig | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Riarachán | 449 | 347 |
| Seirbhísí agus tacaíocht TF | 1,431 | 956 |
| Bainistíocht riosca tuile | 22 | 34 |
| Bainistíocht eastát | 23,823 | 22,363 |
| | **25,725** | **23,700** |

## 2.5 Ioncam fabhraithe

| ag an 31 Nollaig | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Ciste árachais shóisialaigh | 2,474 | 2,293 |
| Bainistíocht eastát | 888 | 1,076 |
| Seirbhísí oidhreachta | 251 | 25 |
| Foilseacháin Rialtais | 28 | 37 |
| | **3,641** | **3,431** |

## 2.6 Iarmhéideanna dochair eile

| ag an 31 Nollaig | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéideanna gníomhaireachta (nóta 2.13) | 17,445 | 12,381 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 310 | 433 |
| | **17,755** | **12,814** |

## 2.7 Speansais fhabhraithe

| ag an 31 Nollaig | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Riarachán | 235 | 267 |
| Seirbhísí agus tacaíocht TF | 96 | 129 |
| Bainistíocht riosca tuile | 1,124 | 1,733 |
| Bainistíocht eastát | 12,827 | 8,346 |
| | **14,282** | **10,475** |

## 2.8 Ioncam iarchurtha

| ag an 31 Nollaig | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Foilseacháin Rialtais | 6 | 6 |
| Bainistíocht eastát | 256 | 100 |
| Seirbhísí oidhreachta | 76 | 12 |
| | **338** | **118** |

## 2.9 Iarmhéideanna sochair eile

| ag an 31 Nollaig | **2022** | **2021** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| **Suimeanna atá dlite don Stát** | | |
| Cáin ioncaim | 1,861 | 1,462 |
| Muirear sóisialach uilíoch | 361 | 283 |
| Árachas sóisialach pá-choibhneasa | 1,433 | 1,216 |
| Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla | 856 | 902 |
| Cáin bhreisluacha | 12,893 | 10,540 |
| Ranníocaíochtaí pinsin | 405 | 327 |
| Cáin mhaoine áitiúil | 11 | 10 |
| | 17,820 | 14,740 |
| | | |
| Iarmhéideanna gníomhaireachta (nóta 2.13) | 35,171 | 24,548 |
| Cuntas oibreacha éagsúla | 804 | 85 |
| Bainistíocht réadmhaoine [a] | 7,501 | 15,129 |
| Scéim an chéatadáin don ealaín | 2,162 | 2,033 |
| Oidhreacht ilghnéitheach | 189 | — |
| Iarmhéideanna sochair eile | 157 | 78 |
| | **63,804** | **56,613** |

Nóta [a] Amhail an 31 Nollaig 2022, b'ionann agus €4.232 milliún luach na n-íocaíochtaí léasa a gearradh ar an vóta agus a aistríodh chuig an gcuntas fionraí. Den tsuim sin, gearradh €4.225 milliún ar fho-mhírcheann B.8 agus gearradh €7,000 ar fho-mhírcheann B.9.

## 2.10 Glanmhaoiniú ón Státchiste

| ag an 31 Nollaig | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Barrachas le géilleadh | 66,884 | 19,658 |
| Géilleadh iarchurtha | 27,000 | 20,700 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (33,756) | (15,200) |
| **Glanmhaoiniú ón Státchiste** | **60,128** | **25,158** |
| | | |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 106,177 | 68,957 |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 17,755 | 12,814 |
| | 123,932 | 81,771 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (17,820) | (14,740) |
| Iarmhéideanna sochair: fionraí | (45,984) | (41,873) |
| | (63,804) | (56,613) |
| | | |
| | **60,128** | **25,158** |

## 2.11 Cuntas maoinithe Stáit

| | Nóta | | 2022 | 2021 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag an 1 Eanáir | | | 3,472,849 | 3,455,541 |
| | | | | |
| Eisíocaíochtaí ón Vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 602,181 | | |
| Géilleadh iarchurtha | Cuntas | (27,000) | | |
| Barrachas le géilleadh | Cuntas | (66,884) | | |
| | | | | |
| Glanvóta | | | 508,297 | 481,417 |
| | | | | |
| Caiteachas (airgead tirim) a iompraíodh in áit eile | 1.1 | | 25,128 | 24,097 |
| Seirbhísí gaolmhara | 1.1 | | (142,252) | (138,597) |
| Cliantseirbhísí | 1 | | (200,251) | (170,351) |
| Glanchostas an chláir | 1 | | (196,507) | (201,884) |
| Coigeartuithe sócmhainní | | | 170,449 | 22,626 |
| **Iarmhéid ag an 31 Nollaig** | | | **3,637,713** | **3,472,849** |

## 2.12 Ceangaltais

| a) Ceangaltais dhomhanda<br>ag an 31 Nollaig | 2022<br>€000 | 2021<br>€000 |
|---|---|---|
| Soláthar earraí agus seirbhísí | 7,677 | 8,409 |
| Cláir deontas neamhchaipitil | 757 | 750 |
| Cláir deontas caipitil | 12,182 | 14,124 |
| Tionscadail chaipitil | 125,523 | 81,910 |
| Tionscadail chomhpháirtíochta príobháidí poiblí | 319,138 | 340,702 |
| **Iomlán na gceangaltas is in-fhorfheidhmithe le dlí** | **465,277** | **445,895** |

Bhí ceangaltais gan íoc ann ag deireadh na bliana 2022 i ndáil le cíos réadmhaoine ar léas agus táillí seirbhíse gaolmhara. Níor cuireadh figiúirí do na ceangaltais sin ar áireamh sa chuntas seo, ach meastar gurb ionann iad agus €133 mhilliún sa bhliain 2023 (2022: €118.7 milliún).

| b) Cláir deontas neamhchaipitil | 2022<br>€000 | 2021<br>€000 |
|---|---|---|
| Iarmhéid tosaigh | 750 | 1,000 |
| Ceangaltais maidir le deontais nua | 460 | — |
| Deontais a íocadh sa bhliain | (453) | (250) |
| **Iarmhéid deiridh** | **757** | **750** |

| c) Cláir deontas caipitil | 2022<br>€000 | 2021<br>€000 |
|---|---|---|
| Iarmhéid tosaigh | 14,124 | 12,768 |
| Coigeartú | 16 | — |
| Ceangaltais maidir le deontais nua | 1,500 | 4,820 |
| Deontais a íocadh sa bhliain | (3,434) | (3,464) |
| Deontais a cealaíodh | (24) | — |
| **Iarmhéid deiridh** | **12,182** | **14,124** |

**d) Mórthionscadail chaipitil**

Mórthionscadail a bhí ar siúl le linn na bliana 2022 agus ar ina leith atáthar ag súil leis go mbeidh costas ionchasach iomlán an tionscadail aonair os cionn €10 milliún. Seo a leanas na mionsonraí faoi na tionscadail sin.

| | Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2021 | Caiteachas sa bhliain 2022 | Ceangaltais tionscadail i mblianta ina dhiaidh sin [a] | Caiteachas ionchasach iomlán thar shaolré an tionscadail 2022 | Caiteachas ionchasach iomlán thar shaolré an tionscadail 2021 |
|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Bainistíocht riosca tuile** | | | | | |
| Scéim Abhann na Dothra | 19,718 | 1,365 | 500 | 21,583 | 21,200 |
| Inis Íochtarach | 19,300 | 106 | — | 19,406 | 19,400 |
| Droichead na Bandan | 30,216 | 823 | 300 | 31,339 | 31,350 |
| An Sciobairín | 33,976 | 320 | 1,000 | 35,296 | 34,500 |
| Cloich na Coillte | 28,807 | 1,910 | 1,860 | 32,577 | 29,815 |
| Inis Theas | 18,155 | 69 | 1,500 | 19,724 | 19,606 |
| Dúglas | 15,838 | 6,576 | 1,100 | 23,514 | 20,138 |
| Baile Átha Luain | 12,607 | 3,291 | 6,800 | 22,698 | 14,612 |
| Baile Chláir | 11,058 | 200 | 50 | 11,308 | 11,217 |
| Scéim Faoisimh Tuile na Moiréile | 4,206 | 2,701 | 9,500 | 16,407 | 10,809 |
| **Iomlán** | **193,881** | **17,361** | **22,610** | **233,852** | **212,647** |
| **Bainistíocht eastát** | | | | | |
| Plaza Miesach | 21,318 | — | 2,097 | 23,415 | 23,441 |
| Teach Laighean | 17,841 | — | — | 17,841 | 18,000 |
| Teach Chluaidh | — | 4,815 | 5,685 | 10,500 | — |
| Foirgneamh na nDriogairí | 222 | 658 | 38,320 | 39,200 | — |
| Stáisiún Gardaí Choill an Chollaigh | — | 2,368 | 13,304 | 15,672 | — |
| Teach Tom Johnson | 1,013 | 17,579 | 34,461 | 53,053 | — |
| Ionad Sonraí, Bacastún | — | — | 70,364 | 70,364 | — |
| Iomlán | **40,394** | **25,420** | **164,231** | **230,045** | **41,441** |

Nóta [a] Baineann ceangaltais tionscadail i mblianta ina dhiaidh sin le meastachán reatha na hOifige ar na costais chaipitil a bheidh ann go dtí go gcuirfear an tionscadal i gcrích.

**Difríochtaí suntasacha**

Tá míniú tugtha thíos ar aon mhórcheangaltais ilbhliantúla ar tháinig athrú os cionn €500,000 orthu ón mbliain 2021 go dtí an bhliain 2022.

**Bainistíocht riosca tuile**

**An Sciobairín**

*Méadú ar an gcaiteachas ionchasach iomlán: €796,000*

Bhíothas ag coinne leis an athrú ar chaiteachas caipitil mar gheall ar na hathruithe breise a rinneadh ar an scéim agus mar gheall ar athruithe ar dhá lintéar.

**Cloich na Coillte**

*Méadú ar an gcaiteachas ionchasach iomlán: €2.762 milliún*

Baineann an méadú ar chostais do Chloich na Coillte le hathruithe ar scóip an tionscadail, rud as ar tháinig méadú ar chostais tógála agus athruithe ar an dearadh mar gheall ar leochaileacht foirgneamh. Chomh maith leis sin, tháinig méadú ar chostais chúitimh ar an scéim agus is féidir go dtiocfaidh méadú eile orthu tar éis teacht ar chomhaontuithe le húinéirí talún.

**Dúglas**

*Méadú ar an gcaiteachas ionchasach iomlán: €3.376 milliún*

Tháinig na costais bhreise as méaduithe a rinne difear don chonradh, paindéim Covid-19 ina measc, agus as oibreacha breise a rinneadh lasmuigh den chonradh. Tháinig siad freisin as an meastachán tógála bunaidh a bheith i bhfad níos ísle ná an tairiscint iarbhír.

**Baile Átha Luain**

*Méadú ar an gcaiteachas ionchasach: €8.086 milliún*

Ba sa bhliain 2017 a rinneadh an meastachán costais bunaidh do Bhaile Átha Luain. Tá athbhreithniú á dhéanamh ar bhuiséad an tionscadail faoi láthair. Cé nach bhfuil sé tugtha chun críche go fóill, meastar go mbeidh buiséad iomlán an tionscadail cothrom le thart ar €27 milliún (tá sochar €48 milliún ag an scéim). Tháinig formhór mór na méaduithe costais as scóip mhéadaithe na hoibre a cuireadh san áireamh sa dearadh deiridh agus nár cuireadh ar áireamh sa mheastachán costais bunaidh.

**Scéim Faoisimh Tuile na Moiréile**

*Méadú ar an gcaiteachas ionchasach iomlán: €5.598 milliún*

Tosca a bhí taobh thiar den mhéadú ar chaiteachas ba ea na hathruithe ar an dearadh ag an ngalfchúrsa, agus na hathruithe sin a chur faoi bhráid an phróisis pleanála ina dhiaidh sin, agus boilsciú a bhaineann leis an tógáil. Tá sochar airgeadais €20 milliún ag scéim na Moiréile.

**e) Íocaíochtaí aonadacha i ndáil le tionscadail Chomhpháirtíochta Príobháidí Poiblí**

| | Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2021 | Caiteachas sa bhliain 2022 | Ceangaltais is in-fhorfheidhmithe le dlí atá le comhlíonadh i mblianta ina dhiaidh sin | Iomlán ionchasach an tionscadail 2022 | Iomlán ionchasach an tionscadail 2021 |
|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| An tIonad Comhdhála, Baile Átha Cliath | 422,549 | 23,863 | 319,138 | 765,550 | 763,251 |

**Difríochtaí suntasacha**

Tá míniú tugtha thíos ar aon mhórcheangaltais ilbhliantúla ar tháinig athrú os cionn €500,000 orthu ón mbliain 2021 go dtí an bhliain 2022.

**An tIonad Comhdhála, Baile Átha Cliath**

*Méadú ar an gcaiteachas ionchasach iomlán: €2.299 milliún*

Tháinig an méadú as an bpróiseas innéacsaithe bliantúil a sheoltar i mí Lúnasa gach bliain, rud dá bhforáiltear sa chomhaontú tionscadail. Ba é an toradh a bhí air sin sa bhliain 2022 gur tháinig méadú ar an muirear aonadach don bhliain 2022/2023. Bhí tionchar iarmhartach aige sin ar íocaíochtaí measta amach anseo suas go deireadh an chomhaontaithe tionscadail sa bhliain 2035.

## 2.13 Seirbhísí gníomhaireachta a sholáthar

Sa bhreis ar chaiteachas ar Vóta 13, gníomhaíonn an Oifig mar ghníomhaire freisin, agus tabhaíonn sí caiteachas thar ceann ranna agus gníomhaireachtaí eile Rialtais. Faigheann an Oifig maoiniú don chaiteachas sin ón roinn/ón ngníomhaireacht urraíochta agus léirítear mar mhuirear é ar chuntas na clianteagraíochta. B'ionann an caiteachas iomlán sa bhliain 2022 agus €192 mhilliún. Ba iad na príomhréimsí caiteachais ná móroibreacha caipitil (€163.7 milliún), léasú cóiríochta (€20.7 milliún), an clár scoileanna (€4.2 milliún), agus oibreacha cothabhála (€3.4 milliún).

**Cuntas seirbhísí gníomhaireachta**

| ag an 31 Nollaig | **2022** | **2021** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir | (12,167) | (11,282) |
| Íocaíochtaí | 192,274 | 183,406 |
| Fáltais | (197,833) | (184,291) |
| Iarmhéid deiridh [a] | **(17,726)** | **(12,167)** [a] |

Nóta [a] Tá an t-iarmhéid sochair deiridh €17.726 milliún comhdhéanta d'iarmhéideanna gníomhaireachta dochair €17.445 milliún (nóta 2.6) agus d'iarmhéideanna gníomhaireachta sochair €35.171 milliún (nóta 2.9).

## 2.14 Dliteanais aibithe

| ag an 31 Nollaig | **2022** | **2021** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Meastachán ar dhliteanais aibithe nach raibh glanta ag deireadh na bliana | 6,511 | — |

## 2.15 Dliteanais theagmhasacha

Tá an Oifig páirteach i roinnt imeachtaí dlí atá ar feitheamh agus in idir-réitigh chonarthacha a d'fhéadfadh dliteanais a ghiniúint, ag brath ar thoradh na dlíthíochta. Is éiginnte atá suim iarbhír nó uainiú aon dliteanas féideartha.

## Nóta 3 Caiteachas an Vóta

### Anailís ar chaiteachas riaracháin

Cionroinneadh an caiteachas riaracháin atá leagtha amach thíos ar na cláir uile chun costálacha iomlána na gclár a chur i láthair.

| | | | | | 2022 | 2021 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Soláthar meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 54,530 | | | |
| | | *Forlíontach* | (1,206) | | | |
| | | | | 53,324 | 51,878 | 49,750 |
| ii | Taisteal agus cothú | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 2,217 | | | |
| | | *Forlíontach* | (250) | | | |
| | | | | 1,967 | 1,950 | 1,450 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha | | | 1,193 | 1,485 | 1,348 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | | | 1,808 | 1,746 | 1,983 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 8,474 | | | |
| | | *Forlíontach* | 500 | | | |
| | | | | 8,974 | 7,055 | 6,053 |
| vi | Costais áitribh oifige | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 1,279 | | | |
| | | *Forlíontach* | (250) | | | |
| | | | | 1,029 | 958 | 910 |
| vii | Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe | | | 293 | 172 | 285 |
| viii | Seirbhísí foilseacháin Rialtais | | | 140 | 101 | 141 |
| | | | | **68,728** | **65,345** | **61,920** |

### Difríochtaí suntasacha

Seo a leanas na cúiseanna a bhí le difríochtaí suntasacha (+/- 25% agus €100,000).

**vi Costais áitribh oifige**

*Soláthar meastacháin €1.279 milliún; toradh €958,000*

Léiríonn an ganncaitheamh an úsáid oifige a bhí níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis toisc go leanann líon mór ball foirne orthu ag obair ón mbaile.

**vii Seirbhísí comhairleoireachta athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe**

*Soláthar meastacháin €293,000; toradh €172,000*

Tháinig an gannchaitheamh €121,000 go príomha as an tionscadal athbhreithnithe oidhreachta, a bhí le tosú sa bhliain 2022, a chur siar go dtí an chéad ráithe den bhliain 2023. B’ionann agus thart ar €50,000 na costais ionchasacha a bhaineann leis an tionscadal sin. Ina theannta sin, ba i mí Eanáir 2023 amháin a fuarthas sonraisc arbh fhiú thart ar €16,500 iad i leith seirbhísí iniúchóireachta do mhí na Samhna agus do mhí na Nollag.

## Clár A Bainistíocht riosca tuile

| | | | | 2022 | | 2021 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | | Toradh | | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | | €000 |
| A.1 | Riarachán – pá | | | | | |
| | *Bunaidh* | 14,259 | | | | |
| | *Forlíontach* | 678 | | | | |
| | | | 14,937 | 14,847 | | 14,005 |
| A.2 | Riarachán – neamhphá | | | | | |
| | *Bunaidh* | 2,837 | | | | |
| | *Forlíontach* | (49) | | | | |
| | | | 2,788 | 3,470 | | 3,135 |
| A.3 | Ceannach gléasra agus innealra | | | | | |
| | *Bunaidh* | 8,770 | | | | |
| | *Forlíontach* | 1,600 | | | | |
| | | | 10,370 | 8,708 | | 7,679 |
| A.4 | Imscrúdú agus monatóireacht hidriméadrach agus hidreolaíoch | | 1,383 | 1,393 | | 1,371 |
| A.5 | Bainistíocht riosca tuile | | | | | |
| | *Bunaidh* | 95,997 | | | | |
| | *Forlíontach* | (10,481) | | | | |
| | | | 85,516 | 54,670 | | 55,666 |
| A.6 | Cothabháil draenála | | | | | |
| | *Bunaidh* | 19,337 | | | | |
| | *Forlíontach* | 348 | | | | |
| | | | 19,685 | 19,804 | | 17,735 |
| | | | **134,679** | **102,892** | | **99,591** |

**Difríochtaí suntasacha**

Seo a leanas na cúiseanna a bhí le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas cláir nár chaiteachas riaracháin é (+/- 5% agus €100,000).

**A.5 Bainistíocht riosca tuile**

*Soláthar meastacháin €95.997 milliún; toradh €54.67 milliún*

Tríd is tríd, tháinig an coigilteas €41.327 milliún as moilleanna ar chead pleanála a fháil agus as saincheisteanna dlí eile a rinne difear do na dátaí tosaithe tógála do sheacht dtionscadal caipitil. Bhí coigilteas ann ag an gcéim deartha (Céim 1) do 34 scéim freisin, mar thoradh ar an gcumas laghdaithe a bhí ag an margadh chun sonraí riachtanacha a sholáthar. Gnóthaíodh coigilteas eile ar fud raon gníomhaíochtaí éagsúla, lenar áiríodh an tarraingt anuas laghdaithe ar an Scéim um Athlonnú Deonach le haghaidh Úinéirí Tí.

## Clár B Bainistíocht eastát

| | | | | 2022 | | 2021 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | **Soláthar meastacháin** | | **Toradh** | **Toradh** |
| | | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| B.1 | Riarachán – pá | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 40,271 | | | |
| | | *Forlíontach* | (1,884) | | | |
| | | | | 38,387 | 37,031 | 35,745 |
| B.2 | Riarachán – neamhphá | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 12,567 | | | |
| | | *Forlíontach* | 49 | | | |
| | | | | 12,616 | 9,997 | 9,035 |
| B.3 | Foireann tís an Uachtaráin | | | 1,004 | 894 | 807 |
| B.4 | Deontais le haghaidh oibreacha agus seirbhísí gaolmhara | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 2,000 | | | |
| | | *Forlíontach* | 1,500 | | | |
| | | | | 3,500 | 3,500 | 3,500 |
| B.5 | Ceannach láithreán agus foirgneamh | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 4,480 | | | |
| | | *Forlíontach* | (2,769) | | | |
| | | | | 1,711 | 130 | 809 |
| B.6 | Oibreacha nua, athruithe agus breiseanna | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 70,000 | | | |
| | | *Géilleadh iarchurtha* | 20,700 | | | |
| | | *Forlíontach* | 30,000 | | | |
| | | | | 120,700 | 115,118 | 97,311 |
| B.7 | Cothabháil agus soláthairtí réadmhaoine | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 66,888 | | | |
| | | *Forlíontach* | 750 | | | |
| | | | | 67,638 | 67,711 | 64,159 |
| B.8 | Cíosanna agus táillí ilghnéitheacha | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 106,577 | | | |
| | | *Forlíontach* | (1,750) | | | |
| | | | | 104,827 | 100,654 | 103,311 |
| B.9 | Muirir sheirbhíse agus fóntais | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 12,136 | | | |
| | | *Forlíontach* | 500 | | | |
| | | | | 12,636 | 12,260 | 11,841 |
| B.10 | Íocaíochtaí aonadacha | | | 25,000 | 23,863 | 23,847 |

| | | | | 2022 | | 2021 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Soláthar meastacháin | Toradh | | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | | €000 |
| B.11 | Seirbhísí oidhreachta | | | | | |
| | *Bunaidh* | 47,618 | | | | |
| | *Forlíontach* | 1,509 | | | | |
| | | | 49,127 | 49,031 | | 42,574 |
| B.12 | Plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta | | | | | |
| | *Bunaidh* | 64,000 | | | | |
| | *Forlíontach* | (20,000) | | | | |
| | | | 44,000 | 17,632 | | — |
| B.13 | Cúlchiste coigeartaithe Brexit | | 1,800 | 1,135 | | — |
| | | | **482,946** | **438,956** | | **392,939** |

**Difríochtaí suntasacha**

Seo a leanas na cúiseanna a bhí le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas cláir nár chaiteachas riaracháin é (+/- 5% agus €100,000).

**B.3 Foireann tís an Uachtaráin**

*Soláthar meastacháin €1.004 milliún; toradh €894,000*

Tháinig an gannchaitheamh as saincheisteanna earcaíochta a tháinig chun cinn le linn na bliana agus as an laghdú ar líon na n-imeachtaí a pleanáladh le linn d'Éirinn teacht slán as paindéim Covid-19.

**B.4 Deontais le haghaidh oibreacha agus seirbhísí gaolmhara**

*Soláthar meastacháin €2 mhilliún; toradh €3.5 milliún*

Comhaontaíodh an méadú €1.5 milliún ar chaiteachas chun tuilleadh tacaíochta a thabhairt do chláir chaipitil leanúnacha ag Zú Bhaile Átha Cliath agus ag Páirc Fiadhúlra Fhóite. Fritháiríodh an caiteachas sin trí choigilteas a gnóthaíodh in áiteanna eile faoin Vóta.

**B.5 Ceannach láithreán agus foirgneamh**

*Soláthar meastacháin €4.48 milliún; toradh €130,000*

Baineann an gannchaitheamh suntasach le réadmhaoine a bhí le ceannach sa bhliain 2022 ach nár ceannaíodh ar deireadh iad le linn na bliana. Sáraíodh an tairiscint ó OOP i gcás amháin. I líon beag cásanna eile, ní dheachthas ar aghaidh leis an léas a cheannach amach. Is ann do réadmhaoine eile a rabhthas ag súil leis go dtabharfaí a gceannach chun críche sa bhliain 2022 agus a dtabharfar a gceannach chun críche sa bhliain 2023 anois.

**B.6 Oibreacha nua, athruithe agus breiseanna**

*Soláthar meastacháin €90.7 milliún; toradh €115.118 milliún*

Tháinig an méadú €24.4 milliún ar chaiteachas as an gcaiteachas ar roinnt tionscadal oibreacha caipitil a bheith ag teacht chun bheith dlite san aon bhliain amháin, mar aon le méadú ar chostais de dheasca boilsciú tógála. Iarradh meastachán forlíontach chun go bhféadfaí spriocanna uaillmhianacha faoin bPlean Forbartha Náisiúnta 2021 go 2030 a chomhlíonadh.

**B.8 Cíosanna agus táillí ilghnéitheacha**

*Soláthar meastacháin €106.577 milliún; toradh €100.654 milliún*

Tháinig an gannchaitheamh ar an bhfo-mhírcheann seo as athbhreithnithe cíosa a bheith níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis, as an dul chun cinn ar léasanna beartaithe nua do ranna áirithe a bheith níos moille ná mar a bhíothas ag súil leis, agus as an muirear CBL ar léasanna áirithe a bheith níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis.

**B.10 Íocaíochtaí aonadacha**

*Soláthar meastacháin €25 mhilliún; toradh €23.863 milliún*

Áiríodh leis an riachtanas maoinithe tosaigh don bhliain 2022 meastachán €780,000 i leith rátaí. Chuir Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath sraith tarscaoiltí rátaí chun feidhme, rud a d’fhág nach raibh aon rátaí le híoc sa bhliain 2022. Ní raibh liúntas i leith táillí dlí ag teastáil ach oiread.

**B.12 Plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta**

*Soláthar meastacháin €64 mhilliún; toradh €17.632 milliún*

Tháinig an difríocht seo as an moill ar chonradh a dhámhachtain don Tionscadal Ionad Sonraí i mBacastún, Co. Chill Dara, agus as an moill ar thús a chur leis an gclár um oibreacha uasghrádúcháin fuinnimh d’fhoirgnimh réigiúnacha oifigí.

**B.13 Cúlchiste coigeartaithe Brexit**

*Soláthar meastacháin €1.8 milliún; toradh €1.135 milliún*

Tríd is tríd, is féidir an t-easnamh €665,000 ar chaiteachas ar gach costas pá, i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin, a chur síos do na moilleanna ar thús a chur le tionscadal Chríochfort 7 Eoraphort Ros Láir. Mar thoradh air sin, bhí moill ann ar bhaill foirne a earcú.

## Nóta 4 Fáltais

### 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

| | | 2022 | | 2021 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Measta** | **Réadaithe** | **Réadaithe** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| 1 | Cíosanna, táillí ceadúnais, etc. | 3,024 | 3,639 | 3,099 |
| 2 | Oidhreacht – imeachtaí agus comhdhálacha | 1,445 | 1,208 | 332 |
| 3 | Seirbhísí foilseacháin Rialtais | 570 | 507 | 596 |
| 4 | Oidhreacht – díolacháin ghinearálta | 630 | 465 | 946 |
| 5 | Oidhreacht – táillí isteach | 6,375 | 10,048 | 52 |
| 6 | Ilghnéitheach | 1,300 | 15,400 | 4,175 |
| 7 | Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ar luach saothair seirbhíse poiblí | 2,100 | 2,284 | 1,913 |
| | **Iomlán** | **15,444** | **33,551** | **11,113** |

**Difríochtaí suntasacha**

Seo a leanas na cúiseanna a bhí le difríochtaí suntasacha i bhfáltais (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí leithreasaí-i-gcabhair €18.107 milliún níos mó ná an meastachán. Tá mínithe ar na difríochtaí leagtha amach thíos.

**1 Cíosanna, táillí ceadúnais, etc.**

*Meastachán €3.024 milliún; réadaithe €3.639 milliún*

Bhí fáltais níos airde ná mar a bhíothas ag súil leis mar gheall ar léasanna nua agus fadaithe a chomhaontú le linn na bliana.

**2 Oidhreacht – imeachtaí agus comhdhálacha**

*Meastachán €1.445 milliún; réadaithe €1.208 milliún*

Athchumraíodh fo-mhírchinn idir C.2, C.4 agus C.5 go luath sa bhliain 2022, rud a chuaigh i bhfeidhm ar an toradh. Is féidir an difríocht a chur síos d'ionad comhdhála Chaisleán Bhaile Átha Cliath a bheith á chur in áirithe do chruinnithe comh-aireachta, rud a rinne difear do na háirithintí foriomlána ag an ionad.

**4 Oidhreacht – díolacháin ghinearálta**

*Meastachán €630,000; réadaithe €465,000*

Athchumraíodh fo-mhírchinn idir C.2, C.4 agus C.5 go luath sa bhliain 2022, rud a chuaigh i bhfeidhm ar an toradh.

**5 Oidhreacht – táillí isteach**

*Meastachán €6.375 milliún; réadaithe €10.048 milliún*

Athchumraíodh fo-mhírchinn idir C.2, C.4 agus C.5 go luath sa bhliain 2022, rud a chuaigh i bhfeidhm ar an toradh. Tháinig an méadú as an líon daoine a thug cuairt ar láithreáin oidhreachta a bheith níos airde ná mar a bhíothas ag súil leis.

**6 Ilghnéitheach**

*Meastachán €1.3 milliún; réadaithe €15.4 milliún*

Áirítear leis an toradh €15.4 milliún diúscairtí réadmhaoine dar luach €8.3 milliún, figiúr a bhí níos airde ná mar a bhíothas ag súil leis. Bhí athrú ann ar an dóigh a gcaitear le híocaíochtaí léasa réadmhaoine ó thaobh na cuntasaíochta de freisin, rud a d'fhág gur chuig leithreasaí-i-gcabhair sa bhliain 2022 a aistríodh léasanna dar luach €4.7 milliún, ar léasanna iad ar caitheadh leo mar dhliteanais aibithe i mblianta roimhe sin.

**7 Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ar luach saothair seirbhíse poiblí**

*Meastachán €2.1 milliún; réadaithe €2.284 milliún*

Rinneadh ranníocaíochtaí aoisliúntais breise sa bhliain 2022 mar thoradh ar riaráistí pá a siardhátaíodh go mí Feabhra 2022 tar éis teacht ar chomhaontú nua pá.

## Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

### 5.1 Líon na bhfostaithe

| Coibhéisí lánaimseartha ag deireadh na bliana | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| Gráid státseirbhíse | 874 | 820 |
| Gráid shonracha OOP | 1,202 | 1,239 |
| | **2,076** | **2,059** |

### 5.2 Pá

| | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **Pá** | | |
| Gráid státseirbhíse | 48,624 | 45,755 |
| Gráid shonracha OOP | 52,598 | 48,759 |
| | | |
| **Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise** | | |
| Gráid státseirbhíse | 170 | 184 |
| Gráid shonracha OOP | 2,242 | 1,931 |
| | | |
| **Ragobair** | | |
| Gráid státseirbhíse | 28 | 24 |
| Gráid shonracha OOP | 3,800 | 3,081 |
| | | |
| **Tinreamh breise, sealobair agus uainchlár** | | |
| Gráid shonracha OOP | 2,111 | 1,879 |
| | | |
| **ÁSPC an Fhostóra** | | |
| Gráid státseirbhíse | 4,188 | 3,787 |
| Gráid shonracha OOP | 6,309 | 5,809 |
| | | |
| **Pá iomlán [a]** | **120,070** | **111,209** |

Nóta [a] Áirítear le pá iomláin pá do 509 nduine de bhaill foirne shealadacha agus de bhaill foirne shéasúracha sa bhliain 2022 (2021: 387 mball foirne).

## 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | An íocaíocht aonair is airde | |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2022 | 2021 |
| | | | € | € |
| **Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise** | | | | |
| Gráid státseirbhíse | 37 | 6 | 22,755 | 15,668 |
| Gráid shonracha OOP | 1,071 | 1 | 10,153 | 8,817 |
| **Ragobair** | | | | |
| Gráid státseirbhíse | 21 | — | 6,813 | 4,370 |
| Gráid shonracha OOP | 1,111 | 122 | 39,996 | 35,631 |
| **Tinreamh breise, sealobair agus uainchlár** | | | | |
| Gráid shonracha OOP | 755 | 2 | 10,280 | 13,004 |
| **Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin** | | | | |
| Gráid státseirbhíse | 3 | — | 8,744 | 6,328 |
| Gráid shonracha OOP | 1,021 | 253 | 52,672 | 38,137 |

## 5.4 Foireann OOP de réir banda pá

Tá líon na bhfostaithe de chuid OOP a raibh a sochair iomlána fostaithe (lena n-áirítear bunphá, liúntais agus ragobair, gan ÁSPC an fhostóra agus costais phinsin an fhostóra a áireamh) don bhliain airgeadais idir €20,000 agus €59,999 agus a tháinig faoi gach banda €10,000 ó €60,000 ar aghaidh mar a leanas.

**Gráid Státseirbhíse**

| Bandaí pá (€) | | Líon fostaithe | |
|---|---|---|---|
| **Ó** | **Go** | **2022** | **2021** |
| 20,000 | 59,999 | 559 | 571 |
| 60,000 | 69,999 | 104 | 108 |
| 70,000 | 79,999 | 59 | 74 |
| 80,000 | 89,999 | 72 | 55 |
| 90,000 | 99,999 | 29 | 17 |
| 100,000 | 109,999 | 13 | 7 |
| 110,000 | 119,999 | 9 | 5 |
| 120,000 | 129,999 | 1 | 2 |
| 130,000 | 139,999 | 2 | — |
| 140,000 | 149,999 | 1 | 1 |
| 150,000 | 159,999 | — | 1 |
| 160,000 | 169,999 | 1 | 1 |
| 170,000 | 179,999 | 1 | — |
| 180,000 | 189,999 | — | — |
| 190,000 | 199,999 | — | 1 |
| 200,000 | 209,999 | 1 | — |

**Gráid shonracha OOP**

| Bandaí pá (€) | | Líon fostaithe | |
|---|---|---|---|
| **Ó** | **Go** | **2022** | **2021** |
| 20,000 | 59,999 | 1,131 | 1,105 |
| 60,000 | 69,999 | 64 | 28 |
| 70,000 | 79,999 | 16 | 15 |
| 80,000 | 89,999 | 15 | 5 |
| 90,000 | 99,999 | 4 | 1 |

## 5.5 Socruithe eile maidir le luach saothair

Rinneadh beirt státseirbhíseach ar scor a bhí ag fáil pinsean státseirbhíse a athfhostú ar bhonn táillí ar chostas iomlán €7,814. Bhí na híocaíochtaí a rinneadh i gcomhréir le prionsabail an Achta um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012.

### 5.6 Ró-íocaíochtaí párolla

| | Líon na bhfaighteoirí | 2022 € | 2021 € |
|---|---|---|---|
| Ró-íocaíochtaí | 39 | 49,855 | 45,378 |
| Pleananna aisghabhála i bhfeidhm | 11 | 15,218 | 17,160 |

### 5.7 Scaoilíocaíochtaí/íocaíochtaí iomarcaíochta

Le linn na bliana, íocadh €56,638 le naonúr oifigeach mar scaoilíocaíochtaí. Ba mhó ceann amháin de na híocaíochtaí sin ná €10,000.

### 5.8 Luach saothair agus sochair an Oifigigh Cuntasaíochta

Bhí luach saothair agus sochair inchánach an Oifigigh Cuntasaíochta don bhliain airgeadais mar a leanas:

| | 2022 € | 2021 € |
|---|---|---|
| Bunphá | **201,843** | **192,474** |

Níl luach na sochar scoir a tuilleadh sa tréimhse ar áireamh san fhigiúr thuas. Tá an tOifigeach Cuntasaíochta ina chomhalta den scéim aoisliúntais iar-2004 d'fhostaithe neamhbhunaithe Stáit agus ní théann a theidlíochtaí i leith sochair scoir thar théarmaí caighdeánacha na scéime pinsean sin.

# Nóta 6 Ilghnéitheach

## 6.1 Costais chúitimh agus dlí

**Íocaíochtaí/costais a d'íoc an Oifig sa bhliain**

| | Éilimh a rinne | | | Iomlán | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| | fostaithe | daoine den phobal | | 2022 | 2021 |
| | Díobháil phearsanta | Díobháil phearsanta | Caillteanas nó damáiste | | |
| Líon na gcásanna | 19 | 33 | 4 | 56 | 70 |
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| Costais dlí na hOifige féin | 76 | 111 | — | 187 | 123 |
| Íocaíochtaí a rinneadh leis an Oifig/a rinneadh thar a ceann | | | | | |
| Cúiteamh | 882 | 258 | 11 | 1,151 | 603 |
| Costais dlí | 30 | 71 | — | 101 | 221 |
| Costais eile | 11 | 39 | — | 50 | 44 |
| **Iomlán 2022** | **999** | **479** | **11** | **1,489** | **991** |
| Iomlán 2021 | 736 | 206 | 49 | 991 | |

Nóta [a] Bhí na héilimh seo a leanas amuigh ag an 31 Nollaig 2022.

- Éilimh dhíobhála pearsanta: 70 (2021:90)
- Éilimh chaillteanais nó dhamáiste: 14 (2021:4)

**Costais charnacha na gcásanna a cuireadh i gcrích sa bhliain 2022**

| | Éilimh a rinne | | |
|---|---|---|---|
| | fostaithe | daoine den phobal | Iomlán |
| | Díobháil phearsanta | Díobháil phearsanta | |
| Líon na gcásanna | 5 | 10 | 15 |
| | €000 | €000 | €000 |
| Costais dlí na hOifige féin | 105 | 123 | 228 |
| Íocaíochtaí a rinneadh leis an Oifig/a rinneadh thar a ceann | | | |
| Cúiteamh | 296 | 139 | 435 |
| Costais dlí | 108 | 68 | 176 |
| Costais eile | 25 | 36 | 61 |
| **Iomlán** | **534** | **366** | **900** |

### 6.2 Costais eadrána agus idir-réitigh

Áirítear le caiteachas sa bhliain 2022 íocaíochtaí dar luach iomlán €1.319 milliún (2021: €373,541) a rinneadh le conraitheoirí agus daoine eile mar thoradh ar imeachtaí idir-réitigh agus eadrána. Bhí ceithre chás ann sa bhliain 2022 (2021: ocht gcinn). Tá CBL, táillí dlí agus táillí gairmiúla ar áireamh sna figiúirí.

### 6.3 Ús agus cúiteamh

Rinne OOP íocaíochtaí úis pionóis agus cúitimh dar luach iomlán €40,304 sa bhliain 2022 faoin Acht um Íoc Pras Cuntas, 1997, i leith íocaíochtaí déanacha (2021: €56,991). B’ionann luach iomlán na n-íocaíochtaí a rinne OOP sa bhliain 2022 agus €558 milliún, agus rinneadh 96,174 íocaíocht ináirithe san iomlán.

### 6.4 Díscríobh

Díscríobhadh na suimeanna seo a leanas sa bhliain

| | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Táillí neamhíoctha ó chuideachtaí nach bhfuil ag trádáil a thuilleadh/fiacha do-aisghabhála | — | 7 |

### 6.5 Íocaíochtaí ex-gratia

Rinneadh íocaíochtaí ex-gratia dar luach iomlán €1.902 milliún sa bhliain, agus iad ag baint go príomha le creat boilscithe na hOifige um Sholáthar Rialtais. Rinneadh na híocaíochtaí ar aon dul leis an treoirnóta arna eisiúint ag an Oifig um Sholáthar Rialtais (2021: €589,237).

### 6.6 Géilleadh iarchurtha

Tá an géilleadh iarchurtha comhdhéanta de choigilteas €27 milliún i gcaiteachas caipitil sna fo-mhírchinn seo a leanas sa bhliain 2022 a tugadh anonn chuig an mbliain 2023.

| | €000 |
|---|---|
| A.5 Bainistíocht riosca tuile | 27,000 |
| | **27,000** |